


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar |
| **Scoil \| Aonad:** | Taighde agus Nuálaíocht UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:** | Oifigeach Conarthaí agus Airgeadais |
| **Tréimhse an Phoist:** | Ceapachán sainchuspóra chun saoire mháithreachais a chlúdach<br>(Fad measta: 6 - 12 mhí) |
| **Grád:** | AO1A |
| **Cnuasach poist agus Leibhéal Gairme:** | Bainistiú agus Riarachán Taighde agus Nuálaíochta - Leibhéal Gairme 5 |
| **Uimh. Thagartha do Ghrádú ar Phost:** | 2020-10-030 |
| **Freagrach do:** | Bainisteoir Sinsearach na gClár Taighde, Taighde UCD |
| **Uimh. Thagartha an Chomórtais:** | 017683 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Nicole Johnston |
| **Costais Athlonnaithe:** | N/B |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:** | Neamhbhainteach |

## Achoimre ar an bPost:

Is aonad laistigh de Thaighde agus Nuálaíocht é an t-aonad um Airgeadas Taighde agus Oibríochtaí. Beidh an ról seo laistigh den Fhoireann um Chlárú Deontais agus Airgeadas. Is é príomhról na foirne ná a chinntiú go ndéantar na rioscaí a bhaineann le gach deontas taighde UCD a mheasúnú go hiomlán sula síneofar agus sula gclárófar aon chonradh laistigh den chóras bainistíochta taighde (RMS). Cabhróidh an Fhoireann freisin leis an lucht taighde le slógadh tosaigh an tionscadail taighde.

Tabharfaidh an té a cheapfar comhairle agus treoir do Cheannasaí na Foirne um Chlárú Deontais agus don fhoireann tacaíochta um Chlárú Deontais agus Airgeadas agus caibidlíocht maidir le conarthaí, athbhreithniú airgeadais, measúnú riosca, agus clárú deontas á ndéanamh acu. Is í an Fhoireann seo an chéad phointe teagmhála do lucht taighde UCD ar mian leo deontas taighde a ghníomhachtú.

Beidh ról lárnach ag an bhfostaí i gcomhairle ghairmiúil a thabhairt don phobal taighde ag céimeanna éagsúla de shaolré an tionscadail taighde i.e. clárú deontais, slógadh tosaigh, athbhreithniú ar chonradh, agus síntí costais/neamh-chostais. Cumhdófar leis an gcomhairle sin réimsí amhail Rialacha maidir le Státchabhair, VAT (lena n-áirítear cúrsaí cánach eile, i gcás inarb iomchuí) agus beidh gá le heolas agus tuiscint mhionsonraithe ar chur i bhfeidhm téarmaí agus coinníollacha an mhaoinitheora. Áireofar leis obair le réimse páirtithe leasmhara ar fud roinnt réimsí éagsúla ar fud an Phobail UCD lena n-áirítear aonaid tacaíochta lárnacha gairmiúla amhail Oifig Dlí UCD, Airgeadas agus UCDNOVA.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Áirítear le freagrachtaí an té a cheapfar anailís, léirmhíniú agus cur i bhfeidhm rialachán airgeadais gníomhaireachtaí maoinithe, agus comparáid a dhéanamh le beartais agus nósanna imeachta airgeadais na hollscoile a mhéid a bhfuil tionchar acu ar chuntais taighde. Sláine na sonraí airgeadais agus neamh-airgeadais araon ar an mbunachar sonraí deontas Thaighde UCD a dhaingniú.

Is iad a bheidh i gceist le príomhdhualgais an phoist ná tacaíocht ghairmiúil a sholáthar don taighde maidir le caibidlíocht an chonartha, gnéithe airgeadais conarthaí agus clárú deontais:

**Athbhreithniú Conartha agus Airgeadais**

- Athbhreithniú airgeadais agus measúnú riosca a dhéanamh ar dheontais taighde nua sula ndéanfar iad a chlárú agus a fheidhmiú ar an gcóras airgeadais.
- Conarthaí agus comhaontuithe chuibhreannais a athbhreithniú agus a leasú sula síneoidh an Ceannasaí Airgeadais iad chun riosca féideartha a mhaolú.
- Cabhrú le caibidlíocht agus marcáil suas ar chomhaontuithe chuibhreannais a chur ar fáil chun a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais ghníomhaireachta maoinithe agus ceanglais reachtúla (e.g. VAT, Státchabhair, Prótacal IP).
- Conarthaí taighde a sheiceáil sula síneoidh an Oifig Airgeadais go foirmeálta iad.
- An stádas VAT comhaontuithe taighde a athbhreithniú, a mheasúnú, agus a shocrú.
- An t-aistriú tionscadal ó ollscoileanna eile chuig UCD a bhainistiú, lena n-áirítear buiséid iarmharta agus maoiniú forchostais iarmharta do chonarthaí a thagann isteach a dhearbhú.

**Clárú Deontais**

- Comhairle agus tacaíocht a thabhairt don phobal taighde maidir leis an bpróiseas is fearr chun cuntais a chur ar bun ag brath ar chineál na dtionscadal, go háirithe maidir le tionscadail il-ghníomhaireachta maoinithe agus/nó tionscadail il-Phríomhimscrúdaitheora, (e.g. Ionaid Taighde, Ionaid Teicneolaíochta agus tionscadail ardphróifíle eile).
- Tacú le haistriú conarthaí taighde isteach in UCD agus amach as.
- Cabhrú le síntí conartha a chlárú.
- A chinntiú go bhfuil conarthaí iomchuí i bhfeidhm i gcomhair gach deontas, go háirithe i gcás gurb é UCD an comhordaitheoir conartha.

**Slógadh Deontais**

- Tacaíocht riaracháin a sholáthar don Lucht Taighde le linn céim shlógaidh thosaigh an tionscadail taighde, go háirithe le linn na tréimhse idir an Litir Thairisceana a fháil agus na míonna tosaigh a leanann túsdáta an tionscadail. Díreofar leis sin go príomha ar ullmhú an chonartha ó thaobh an airgeadais de.
- Cruinnithe "slógaidh" duine ar dhuine leis an Lucht Taighde Sinsearach maidir le deontais mhóra agus deontais atá tábhachtach ó thaobh straitéise de, (e.g. Ionaid SFI, cuibhreannais mhóra an EU).
- Comhairle a thabhairt don Lucht Taighde ag na céimeanna luatha maidir le soláthar, soláthar foirne agus scoláirí i gcomhréir le beartais, cleachtais agus nósanna imeachta Maoinitheoirí agus UCD.
- Tacú leis an Lucht Taighde ag aistriú chuig agus amach as UCD agus feidhmiú mar chéad phointe teagmhála do Phróiseas Feabhsuithe na Maoinitheoirí.
- Cabhrú le forbairt leanúnach seirbhísí tacaíochta taighde in UCD.
- Próisis a fhorbairt chun tacú le clárú agus slógadh cruinn agus tráthúil deontas taighde in UCD.
- Slite a d'fhéadfaí próisis a fheabhsú a aithint agus aird na bainistíochta a tharraingt orthu.
- Bainistíocht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme tionscnamh, seirbhísí, agus clár a dearadh chun tacú leis an bpobal taighde lena ngníomhaíocht taighde, go háirithe ó thaobh an phróisis um chlárú deontais agus scéimeanna maoinithe inmheánacha de.
- Rannpháirtíocht i dtionscadail ad-hoc a bhaineann le taighde de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Riarachán Taighde**

- Tacú le gníomhaíocht lena bhfeabhsófar an feidhmiú riaracháin ina iomláine.

**Faisnéis agus Cumarsáid a bhaineann le taighde**

- Feidhmiú mar eochairphointe faisnéise don lucht taighde maidir leis na rialacháin airgeadais a bhaineann le

gníomhaireachtaí maoinithe taighde agus an tionchar ar chuntais taighde a chur ar bhun.

- Cruinnithe faisnéise a reáchtáil agus bearta cúnta a sholáthar do gach sealbhóir deontais chun cabhrú le slógadh tionscadail

**Dualgais Eile**

- Tabhairt faoi aon dualgas eile a thugann an Bainisteoir Sinsearach um Oibríochtaí Taighde agus Airgeadas, nó a n-ainmní

**95 Oifigeach Riaracháin 1a 2013 (2010) Scála Tuarastail: €68,541 - €80,093 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag: https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Faigh tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag: https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

## Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leo ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- Taithí ghairmiúil nó taithí ar sheirbhís do chustaiméirí 5 bliana ar a laghad ag obair i gcáil riarthóra airgeadais laistigh d'eagraíocht mhór nó d'fhoras oideachais tríú leibhéal - **agus**
- Céim tríú leibhéal ábhartha, nó cáilíocht ghairmiúil (cáilithe go hiomlán nó go páirteach).
- Ní mór d'iarrthóirí tuiscint ar an gclár oibre um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

Tuiscint ar na coincheapa, na prionsabail agus na cleachtais a bhaineann leis an Inniúlacht Fheidhmiúil seo a leanas:

- **Clárú Deontais (Leibhéal Oilteachta 3):** Sárthuiscint agus cumas suntasach próisis chlárúcháin deontais a chur chun feidhme. Áirítear leis sin bainistíocht riosca, maoirseacht airgeadais, conarthaí, bainistíocht doiciméad agus próisis. Comhairle agus treoir a thabhairt don Phobal Taighde maidir le deontais nua.
- **Comhordú Cláir Iar-Dheontais (Leibhéal Oilteachta 2):** Cur amach suntasach ar choincheapa bainistíochta oibríochtúil go háirithe maidir le cur chun feidhme clár taighde. Áirítear leis sin tacaíocht a sholáthar go díreach do scoláirí, agus an t-idirphlé le haonaid eile (nó soláthraithe seachtracha) a bhainistiú chun a chinntiú go soláthrófar seirbhís don chlár.
- **Tacaíocht Togra (Leibhéal Oilteachta 2):** Cur amach láidir ar na céimeanna éagsúla forbartha togra ó dheiseanna a shainaithint go gairmeacha a dhúnadh. Áirítear leis sin: gairmeacha a thuiscint, tacaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, gairmeacha a bhainistiú, comhairle a thabhairt maidir le tograí agus iad a athbhreithniú.
- **Taighde Spriocdhírithe agus Scileanna Nuálaíochta (Leibhéal Oilteachta 1):** Tuiscint agus tionchar ar an timpeallacht taighde inmheánach agus seachtrach a fhorbairt ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Áirítear leis sin: ról na n-ollscoileanna i dtaighde, beartas ábhartha, foinsí maoinithe, struchtúir eagrúcháin inmheánacha, bibleméadracht, agus treochtaí eacnamaíocha/teicneolaíochta.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht (Leibhéal Oilteachta 4):** Cumas an-fhorbartha na riachtanais chustaiméirí a thuiscint agus a mheas roimh ré. Feidhmiú chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar lena gcomhlíonfar ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir. Éiteas seirbhíse as cuimse agus cumas comhfhreagrais iomadúla a bhainistiú ag an am céanna.
- **Pleanáil agus Eagrúchán (Leibhéal Oilteachta 4):** Sárchumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbainfear spriocanna amach. Bheith go maith ag plé le figiúirí agus súil ghéar a bheith acu.
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 3):** Tuiscint shuntasach ar UCD ina iomláine a léiriú, lena n-áirítear struchtúir agus rialacháin rialachais agus taithí ar fhaisnéis rúnda a láimhseáil ar dhóigh ghairmiúil
- **Caidrimh a Thógáil (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas nach beag comhoibriú agus comhar a chothú le páirtithe leasmhara d'fhonn réitigh a chur chun feidhme. Sárchumas caidrimh oibre éifeachtacha a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus d'aonaid tacaíochta eile. Inniúlacht caidrimh éifeachtacha le piaraí agus le hoifigí tacaíochta eile a fhorbairt.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2)**: Tuiscint láidir ar thábhacht riachtanais cheanglais na bpáirtithe leasmhara. Caidreamh oibre láidir a fhorbairt agus a chaomhnú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir cur chuige dearfach a ghlacadh i leith do chuid oibre agus glacadh le hathrú

Inmhianaithe:

- Taithí ar chuntasaíocht maoinithe Taighde agus na tionchair atá aici ar chuntais taighde
- Cur amach ar phlean straitéiseach na hOllscoile.
- Taithí ar chóras cuntasaíochta na hOllscoile (eFinancials).

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| Taighde UCD: | https://www.ucd.ie/research/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

## Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

| | |
|---|---|
| Ainm: | Ms Dipti Pandya |
| Teideal: | Bainisteoir Sinsearach – Cláir Thaighde |
| Seoladh Ríomhphoist: | dipti.pandya@ucd.ie |
| Fón: | N/B |